Docusign Envelope ID: FDB25772-93F7-4D5C-9E46-41D1CCD14FAA

# Teilifís na Gaeilge

## Cruinniú 01 Samhain 2024

Oireachtas na Samhna, Óstán an Brehon, Cill Airne.

**Miontuairiscí**

**Tinreamh**
Bhí leithscéal ó Mhairéad Ní Nuadháin agus Siobhán Ní Ghadhra.
Bhí na comhaltaí eile i láthair

1. **Fáilte**
   Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh na comhaltaí.
   Déanadh comhbhrón le Mairéad Ní Nuadháin agus an teaghlach ar bhás a deirféar.

2. **Deimhniú Leas Pearsanta**
   Dheimhnigh na comhaltaí nach raibh aon choimhlint leasa seachas an méid a bhí tugtha le fios don Rúnaí roimh an chruinniú.

3. **Miontuairiscí**
   Glacadh le miontuairiscí Mhí Meán Fómhair

4. **Gnó ag éirí as na Miontuairiscí**
   Ní raibh aon ghnó ag eirí as na miontuairiscí.

5. **Tuairisc an Ard-Stiúrthóra**

5.1 **Rialtas, Roinn, Coimisiún na Meán agus RTÉ**

*5.1.1*

*Buiséad 2024:* Dheimhnigh an tArd-Stiúrthóir go raibh leithdháileadh iomlán de €60M geallta do TG4 do 2025, ardú de **€2.617M** i maoiniú reatha agus ardú **€350k** i maoiniú caipitil. Dúirt sé gur chuir an Roinn in iúl ó shoin, go mbeadh **€4.5M** i maoiniú forlíontach breise ar fáil. Míníodh go raibh frustrachas ag baint leis an mbealach seo chun TG4 a mhaoiniú. Cé go raibh glactha le straitéis TG4 ag an Rialtas agus ag an Aire, dúirt sé gur léir dó go raibh bac á chur ar an straitéis, ag leibhéal an mhaoinithe. Dúirt an tArd-Stiúrthóir go

Docusign Envelope ID: FDB25772-93F7-4D5C-9E46-41D1CCD14FAA

gcuireann TG4 fáilte roimh an mhaoiniú breise, ach go gcruthaíonn maoiniú forlíontach an t-uafás brú ar an gcomhlacht, ag iarraidh an maoiniú breise seo a chaitheamh go dlisteanach roimh dheireadh na bliana 2024. Thagair an tArd-Stiúrthóir don *European Media Freedom Act* a thiocfaidh i bhfeidhm in Éirinn i Lúnasa 2025, a chuirfidh iachall ar rialtais maoiniú a chur ar fáil do na meáin seirbhíse poiblí atá leordhóthanach (*adequate*) agus intuartha (*predictable)*. Dúirt sé gur cuireadh é seo ar fáil do RTÉ i mbliana ach go raibh fanacht ar TG4 go dtí go mbeadh an t-Athbhreithniú Cuimsitheach ar na Meáin Ghaeilge déanta ag Coimisiún na Meán.

*5.1.2 Coimisiún na Meán*

Thug an tArd-Stiúrthóir le fios go raibh cruinniú dearfach aige le Aoife McEvilly, Coimisinéir na Meán, ar an 19 Meán Fómhair agus gur rinne sé cur i láthair di maidir le straitéis TG4.

Thagair sé freisin do litir a fuair TG4 ó Andrew Byrne, Stiúrthóir na Meán Seirbhíse Poiblí, maidir le ASPC 2024 (gealltanais) agus ARPPF 2023 (léirmheas ar fheidhmíocht i gcomhthéacs na ngealltanas). Dúirt sé gur ardaigh an litir roinnt ceisteanna agus go mbeadh deis iad sin a phlé ag cruinniú a bhí beartaithe don 7 Samhain i mBaile na hAbhann.

**5.2 Coimisiúnú, Forbairt, Margaíocht, Comhpháirtíocht, Cartlann.**

*5.2.1 Scéim Oiliúna sna Meáin Ghaeilge:* Dúradh go raibh an ceathrú bliain de Scéim Oiliúna TG4 / ÚnaG, ar bun faoi láthair agus oiliúnaithe ar bhliain taithí oibre in cúig cinn déag de chomhlachtaí ar fud na tíre. Dúradh go raibh na h-oiliúnaithe ag freastal ar cheardlanna rialta le linn na tréimhse sin faoi stiúir an ATU i bhfoirgneamh CREW sa Ghaillimh.

*5.2.2 Lí Ban*: Déanadh tagairt do sheoladh an tsraith beochana do pháistí i nGaillimh le linn Féile Babóró agus i gCannes na Fraince an mhí seo, sraith beochana eachtraíochta *animé* scríofa ag Máire Zepf, léirithe ag Paper Owl Films agus maoinithe ag an gCiste Craoltóireachta Gaeilge (ILBF), Coimisiún na Meán, TG4 agus S4C. Dúradh go mbeadh an tsraith á dáileadh go h-idirnáisiúnta ag Aardman.

Rinne an tArd-Stiúrthóir comhghairdeas le Siobhán Ní Bhrádaigh, Eagarthóir Coimisiúnaithe agus Feidhmeannach Ceannachán ar Ábhar do Leanaí TG4 agus Cúla4, atá roghnaithe ina moltóir do na gradaim ag *Kidscreen* 2025.

Docusign Envelope ID: FDB25772-93F7-4D5C-9E46-41D1CCD14FAA

*5.2.3 Céim Eile*: Thagair an tArd-Stiúrthóir don scéim *Céim Eile* a sheol TG4, Fís Éireann agus an Ciste Craoltóireachta Gaeilge in 2022, scéim atá dírithe ar fhorbairt an chéad ghlúin eile de scríbhneoirí agus de lucht déanta scannán a bhfuil Gaeilge acu. Dúradh go raibh tús curtha le scannánú ar *Babaí Brain*, scannán a scríobh Brídín Ní Mhaoldomhnaigh agus atá á léiriú ag Fíbín Media faoi stiúir Ciarán Charles Ó Conghaile.

*5.2.4 Cumhacht na gréine:* Mhol an tArd-Stiúrthóir an dul chun cinn atá á dhéanamh ag TG4 i dtreo craoltóireacht inbhuanaithe trí chumhacht na gréine a chomhtháthú ina soláthar fuinnimh. Dúradh gur chuir seo lenár soláthar leictreachais cuid den bhliain agus go raibh de chumas againn rith go hiomlán ar chumhacht na gréine ar laetha áirithe. Dúradh gur Stiúrthóir Teicneolaíochta TG4, Neil Keaveney, agus comhlacht seachtrach EnergieXPro a bhí i mbun an tionscnaimh.

**5.3 Acmhainní Daonna, conarthaí, dlí agus cúrsaí foirne.**

*5.3.1:* Dúradh gur ceapadh intéirneach, Maor Craolacháin TG4, i ról nua ar chonradh téarma seasta. Mar thoradh ar seo socraíodh ról an intéirnigh a fhógairt arís.

5.3.2 Dúradh go raibh polasaí nua le forbairt maidir le fostaithe TG4 ag obair thar lear agus go raibh plé ar siúl le IBEC & an EBU maidir le dea-chleachtas sa réimse seo.

5.3.3 Tugadh le fios go raibh síneadh dhá mhí curtha leis an gconradh glantacháin mar go bhfuair comhlacht nua an conradh agus theastaigh am chun leanúnachas seirbhíse a chinntiú.

**5.4 Miontuairiscí**

Roinneadh miontuairiscí na gcruinnithe Ard-Bhainistíochta leis an mBord.

**6. Gnó an Chathaoirligh**

6.1 *Oifigeach Rialachais:* D'iarr an Cathaoirleach uasdátú maidir leis an phróiséas earcaíochta d'Oifigeach Rialachais. Dúradh go raibh an próiséas fós ag dul ar aghaidh agus go mbeadh agallaimh ar siúl i rith na míosa.

6.2 *Scéim Pinsean & Master Trust:* D'iarr an Cathaoirleach uasdátú maidir leis an Master Trust. Dúradh go raibh TG4 fós ag fanacht ar dheimhniú ón Roinn faoi seo. Míníodh nach raibh TG4 ag cloí le rialacha IRPP2 mar atá agus go raibh sé tábhachtach é seo a bhogadh ar aghaidh go luath.

Docusign Envelope ID: FDB25772-93F7-4D5C-9E46-41D1CCD14FAA

6.3 *Crá*: Thréaslaigh an Cathaoirleach le foireann léirithe Crá, an tsraith nua drámaíochta a déanadh a thaifead i dTír Chonaill agus a bheadh le seoladh mar chuid d'imeachtaí an Oireachtais

6.4 *Earcaíocht:* Thug an Cathaoirleach uasdátú maidir leis an phróiséas earcaíochta d'Ard-Stiúrthóir nua TG4 agus dúirt go raibh iarrthóirí fíormhaith istigh ar an phost. Dheimhnigh sí baill an bhoird agallaimh agus dúirt go mbeadh na h-agallaimh ar siúl le linn Mhí na Samhna.

**7. An Bille Craolacháin**

Tháinig Stiúrthóir Dlí TG4, Teresa Kenny, isteach ar Zoom don mhír seo.

Rinne an Stiúrthóir Dlí cur i láthair cuimsitheach maidir leis an Scéim Ghinearálta don Bhille Craolacháin (leasú) 2025, a foilsíodh ar an 08/10/24. Thug sí aird ar leith ar na gnéithe den leasúchán seo a mbeadh tionchar acu ar TG4. Cuireadh caipéis bhreise ar fáil don Bhord le achoimre ar na pointí a raibh aird ag TG4 orthu. Dúradh go mbeadh TG4 ag cur a gcuid moltaí maidir leis an leasú ar fáil don Roinn roimh 20 Samhain.

**8. Cuntais Mhí Meán Fómhair 2024**

Thug an Stiúrthóir Airgeadais cur síos ar Chuntais TG4 do Mhí Mheán Fómhair. Thug sí cuntas ar Chaiteachas, Ioncam Tráchtála, Fiachóirí & Fabhraithe don mhí mar aon le Costais Chaipitil go dáta. Dúirt sí go raibh roinnt sábháiltí ar phárolla agus ar chostais Tarchuir & Margaíochta agus go gcuirfí na sábháiltí seo i dtreo bhuiséad na gclár.

Glacadh leis na cuntais.

**8. Tuairisc Lucht Féachana**

Thug an Stiúrthóir Margaíochta achoimre ar an Lucht Féachana do Mhí Mheán Fómhair 2024. Dúradh go raibh an mhí láidir ó thaobh lucht féachana le sciar féachana ag 2.1%. Bhí tús le Sceideal an Fhómhair agus séasúr nua Rugbaí Beo. D'éirigh go maith le sraith Baillte, Scoil Samhraidh Willie Clancy agus Iniúchadh ar Fios Físe agus bhí an séasúr nua de Ros na Rún i measc na gclár ba mhó féachana ar an seinnteoir. Ar na meáin shóisialta, d'éirigh go maith le mír ar Shaol na Mac léinn ar BLOC, mír le Conor Lehane ar Spórt TG4 agus mír faoin Junior Eurovision ag Cúla4.

Docusign Envelope ID: FDB25772-93F7-4D5C-9E46-41D1CCD14FAA

**9. Straitéis Inbhuanaitheachta - Gaeilge, Comhshaol, Sóisialta agus Rialachas (GESG)**
Thug an Stiúrthóir Oibríochtaí & Acmhainní Daonna tuairisc ar dhul chun cinn le Straitéis GESG.

**10.** Tuairisc ón Choiste Iniúchóireachta & Riosca 24/09:
Thug Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta & Riosca achoimre ar chruinniú an choiste ar an 24/09.

10.1 Dúradh gur chas ionadaí ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntais agus Ciste [C&AG) leis an choiste ar Zoom agus go raibh breithiúnas dearfach tugtha go raibh na cuntais glan agus in ord ag TG4.

10.2 Dúradh gur tháinig DHKN i láthair an chruinnithe ar Zoom freisin leis an dara hiniúchóireacht inmheánach do 2024 a chur i láthair: Córais Smachtaithe Airgeadais. Dúradh go raibh an tuairisc 'an-ghlan agus leibhéal ard sástachta agus go bhfeadfaí, tríd 's tríd, a bheith muiníneach go raibh córais a bhi i bhfeidhm ag oibriú go héifeachtach'.

10.3 Pléadh an téama don tríú hiniúchóireacht don bhliain 2024 a dhíreoidh ar an bhfoirgneamh i mBaile na hAbhann: spás, slainte agus sábháilteacht agus nithe gaolmhara. Aontaíodh freisin go mbeadh an chéad iniúchóireacht don bhliain 2025 dírithe ar Shócmhainní Seasta/ Fixed Assets.

10.4 Tugadh le fios gur fhreastail an Stiúrthóir Teicneolaíochta ar an chruinniú le cúrsaí teicneolaíochta a phlé agus an obair cibearshlándála agus teicneolaíochta atá idir lámha. Bhí sé sásta go rabhthas ag dul i ngleic go córasach le cuid mhór den na dúshláin leanúnacha a bhíonn le sárú agus go raibh dul chun cinn a dhéanamh.

10.5 Luadh go mbeadh seisiún gairid plé ag baill an CIR gan an feidhmeannas i láthair ag an chéad chruinniú eile mar atá molta sa Chód Cleachtais

**11 Riarachán Boird**

11.1 Téarmaí Tagartha an Bhoird: Déanadh athbhreithniú ar an uasdátú ar Théarmaí Tagartha an Bhoird. Iarradh soiléiriú ar mhír 8 de na Téarmaí Tagartha. Iarradh freisin caipéis a dhréachtadh d'ábhar atá forchoimeadta don Bhord (*Matters Reserved for the Board*).

Docusign Envelope ID: FDB25772-93F7-4D5C-9E46-41D1CCD14FAA

**12. Gnó Chomhaltaí Boird**

Ní raibh aon ghnó sa bhreis.

**13. Aon Ghnó Eile**

Ghabh an Cathaoirleach buíochas leis an gComhairle Lucht Féachana reatha a bhfuil deireadh ag teacht lena dtréimhse ar an gComhairle in 2024. Dúradh go mbeadh a gcruinniú deireanach ag an gComhairle ag 2:30 inniu agus idir an dá linn go mbeadh lón agus deis plé ag baill an Bhoird agus an Chomhairle Lucht Féachana.

**14. Ceadú Conarthaí**

Nótáladh conarthaí idir €200k - €500k.

**Críoch**

DocuSigned by:

***Síniú*** Anna Ní Ghallachair
1015C3940044407...

***Dáta*** 7.2.2025